Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11122/26**

**ECOFIN 912**
**UEM 316**
**SOC 441**
**EMPL 243**
**COMPET 856**
**ENV 832**
**EDUC 298**
**ENER 454**
**JAI 892**
**GENDER 129**
**JEUN 172**
**SAN 530**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fraince |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 210 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fraince**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Fraince 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Fhrainc ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

[2] OJ C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhun eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an bhFrainc. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bhFrainc ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bhFrainc. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Fraince ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 7 mbliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 0,8 % in 2025, 1,2 % in 2026, 1,2 % in 2027, 1,2 % in 2028 agus 1,1 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 4,6 % in 2025, 5,8 % in 2026, 7,1 % in 2027, 8,4 % in 2028 agus 9,5 % in 2029. Maidir leis na blianta 2025-2029, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[5]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[6], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Fhrainc ar stad.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[7] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince (IO C, C/2025/659, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/659/oj).

5 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Fhrainc, a glacadh an 21 Eanáir 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Fraince um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/france_en.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

(8) An 7 Bealtaine 2026, chuir an Fhrainc a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[8] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Fraince i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

(9) In 2025, ba é 0,8 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 0,9 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,8 % in 2026 agus go bhfásfaidh sé faoi 1,1 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,4 % ann in 2026 agus 1,8 % in 2027.

---

8 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[9], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Fraince ó easnamh 5,8 % de OTI in 2024 go heasnamh 5,1 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 bearta méadaithe ioncaim de thart ar 0,5 % de OTI agus bearta laghdaithe caiteachais, i ndáil le tomhaltas poiblí agus aistrithe sóisialta go príomha, ar fiú beagnach 0,3 % de OTI iad, chomh maith le hioncam cánach a bheith ag fás os cionn an OTI ainmniúil. D'eascair fuinneamh sin na n-ioncam as cánacha indíreacha agus corparáideacha go príomha. Déanann na tosca sin an méadú 0,2 pointe céatadáin ar íocaíochtaí úis ar fhiachas rialtais, arna spreagadh ag fiachas níos airde agus rátaí úis níos airde ar eisiúintí nua bannaí, a fhritháireamh ar mó i bhfad. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 5,1 % de OTI in 2026 agus 5,7 % de OTI in 2027. Tá roinnt tosca ina gcúis leis an easnamh gan athrú in 2026. Ar thaobh amháin, léiríonn sé bearta méadaithe ioncaim ar fiú 0,5 % de OTI iad (ar bearta sealadacha iad 0,3 % de OTI) lena n-áirítear, i measc nithe eile, síneadh a chur leis an ranníocaíocht eisceachtúil ó fhiontair mhóra, an cháin bhreisiúcháin ar ioncam ard agus méadú ar an ranníocaíocht shóisialta ghinearálaithe (CSG) ar ioncam airgeadais, chomh maith leis na hiarrachtaí athdhaingnithe maidir le dearlaicí caiteachais do na haireachtaí éagsúla agus do na riaracháin phoiblí éagsúla a leagtar amach i mbuiséad 2026. Ar an taobh eile, gan éifeacht na mbeart sin a áireamh, meastar go bhfásfaidh fáltais chánach beagán faoi bhun na gníomhaíochta eacnamaíche. Thairis sin, cé is moite dá tionchar diúltach ar an bhfás, beidh tionchar buiséadach díreach breise 0,2 % de OTI i gceist leis an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear, tionchar atá nasctha le hualach úis níos airde ar bhannaí atá innéacsaithe ó thaobh boilscithe de (0,1 % de OTI), ioncaim níos ísle i ngeall ar innéacsú díolúintí slándála sóisialta atá nasctha leis an bpá íosta agus caiteachas míleata níos airde ar mhisin sa limistéar sin. Déanfar an tionchar sin a fhritháireamh den chuid is mó le coigilteas caiteachais breise a fógraíodh i mí Aibreáin. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2027 an deireadh a chuirfear de réir a chéile le bearta sealadacha ioncaim in 2026 ar fiú 0,3 % de OTI iad.

[9] Táscairí Eurostat-Euro, 22.04.2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[10], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,9 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid chrapthach ann, faoi 0,9 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh staid fhorleathnaitheach ann, faoi 0,3 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[11], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Fraince ó 112,6 % de OTI ag deireadh 2024 go 115,6 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 easnaimh phríomhúla arda agus íocaíochtaí úis atá ag dul i méid, rud a dhéanann éifeacht laghdaithe fiachais an fháis ainmniúil a fhritháireamh ar mó i bhfad. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais–OTI go 118,1 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 120,2 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn na méaduithe in 2026 agus 2027 go príomha na tosca céanna a bhí ann in 2025.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[12], 1,9 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Fraince ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 2,1 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026[13].

---

10 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.04.2026.

12 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

13 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá roinnt bearta beartais fhioscaigh spriocdhírithe glactha ag an bhFrainc chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[14]. Áirítear orthu sin an aisíocaíocht a chomhfhreagraíonn do chostas measta EUR 20 cent in aghaidh an lítir de phraghsanna breosla do mhicrifhiontair agus do FBManna in earnáil an iompair phoiblí, san iascach (méadaithe sa chás seo i mí na Bealtaine), agus i gcuideachtaí tógála agus oibre poiblí i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine; aisíocaíocht choibhéiseach d’oibrithe ar ioncam íseal as úsáid ghairmiúil feithiclí príobháideacha idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh; aisíocaíocht dleachtanna máil d’fheirmeoirí ar dhíosal eisbhóthair de EUR 4 cent in aghaidh an lítir i mí Aibreáin, aisíocaíocht a ardaíodh i mí na Bealtaine go EUR 15 cent in aghaidh an lítir; agus íocaíocht eisceachtúil ranníocaíochtaí slándála sóisialta do na feirmeoirí is mó a bhí buailte i mí Aibreáin. I bprionsabal, tá sé beartaithe deireadh a chur leis na bearta sin de réir a chéile i mí an Mheithimh 2026 agus is lú ná 0,1 % de OTI a gcostas a chuirtear san áireamh i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, níos lú ná 0,1 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas sa Fhrainc faoi 0,7 % in 2025 agus is fás carnach 4,0 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

---

[14] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Fhrainc faoi 1,4 % in 2026 agus gur fás carnach 5,4 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh.

(17) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Fraince, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Mar sin féin, de thoradh athmhúnlú na ndíolúintí ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta thart ar an tuarastal íosta, rinneadh coigilteas níos ísle ná mar a gealladh. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Fhrainc a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán. Ag féachaint chun cinn, cuireadh athchóiriú pinsean 2023 ar fionraí go dtí mí Eanáir 2028[15].

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(18) Tá rioscaí arda maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach fós le sárú ag an bhFrainc sa mheántéarma agus tá rioscaí inbhuanaitheachta meánacha le sárú aici san fhadtéarma. Tá gá le straitéis fhioscach chuimsitheach chomhsheasmhach ar thaobh an ioncaim agus an chaiteachais araon chun borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun an fiachas poiblí a chur ar chonair anuas chun a inbhuanaitheacht a áirithiú. Is é 57,2 % de OTI in 2025 caiteachas poiblí na Fraince agus tá sé ar an dara ráta is airde san Aontas; 7,7 pointe céatadáin os cionn mheán an Aontais. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfanfaidh an bhearna sin ag thart ar 7 bpointe céatadáin in 2026. Ardaíonn ardchaiteachas poiblí leanúnach sa Fhrainc ábhair imní maidir le héifeachtúlacht, agus éilíonn sé ualach ard cánach foriomlán freisin, rud a chuireann isteach ar an éifeachtúlacht eacnamaíoch. Mar thoradh air sin, éilíonn comhdhlúthú fioscach marthanach sa Fhrainc gníomhaíocht chinntitheach maidir le caiteachas poiblí, i dtéarmaí a leibhéal, a chomhdhéanaimh agus a éifeachtúlachta foriomláine de. Chuige sin, tá gá le gealltanais choigilte fheabhsaithe i ndáil leo siúd atá i bPlean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fraince. Straitéis chomhsheasmhach éifeachtach chun caiteachas poiblí a laghdú go buan agus feabhas a chur ar a cháilíocht an tráth céanna, ní mór di brath go córasach ar athbhreithnithe caiteachais uaillmhianacha cuimsitheacha i gcroílár an phróisis bhuiséadaigh atá comhsheasmhach leis na tosaíochtaí meántéarmacha. Chomh maith le rannchuidiú le comhdhlúthú fioscach, neartódh sé sin acmhainneacht fáis na Fraince trí chuidiú le hacmhainní poiblí a dhíriú ar bheartais lena gcothaítear fás.

(19) Ag 14,6 % de OTI in 2023, tá an caiteachas poiblí ar phinsin sa Fhrainc réasúnta ard. De réir Thuarascáil 2024 maidir le hAosú, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise sna blianta amach romhainn, is é sin go n-ardóidh sé ó 38,2 % in 2022 go 53,2 % in 2050 agus 57,8 % in 2070. Dá réir sin, tá an aois scoir iarbhír íseal, 62,2 in 2022. I measc gnéithe eile, chuidigh athchóiriú pinsean 2023 le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí trí dhlús a chur leis an méadú ar an tréimhse ranníocaíochta is gá chun pinsean iomlán a fháil agus tríd an aois scoir íosta a mhéadú de réir a chéile, chun borradh a chur faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás féideartha. Ina Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach, gheall an Fhrainc go gcaomhnódh sí tionchar athchóiriú pinsean 2023 ar inbhuanaitheacht airgeadais an chórais le linn na tréimhse 2026-2040. I mí na Nollag 2025, áfach, cuireadh an t-athchóiriú ar fionraí go dtí mí Eanáir 2028. Is éard is toradh leis an bhfionraí sin iarmhéid buiséadach an rialtais ghinearálta a dhéanamh níos measa go dtí lár na 2030idí, méadú ar an bhfiachas poiblí agus maolú ar éifeachtaí dearfacha an athchóirithe ar an margadh saothair, cé go bhfuil na dúshláin dá dtagraítear roimhe seo fós an-suntasach.

(20) Tá an t-ualach cánach sa Fhrainc i bhfad níos airde ná meán an Aontais i gcónaí. In 2025, 44,3 % de OTI a bhí i gceist le hioncam cánach sa Fhrainc, i gcomparáid le 39,9 % do AE-27 ar an meán, agus tá an ráta cánach intuigthe ar shaothar agus cánacha ar shaothar a íocann fostóirí i measc na rátaí is airde san Aontas freisin. Ag 4,4 % de OTI in 2024, tá cánacha ar tháirgeadh, atá díobhálach don fhás go háirithe, i bhfad os cionn mheán an Aontais (2,4 % de OTI) freisin, rud a chuireann isteach ar an iomaíochas. Go sonrach, tá cánacha ar tháirgeadh, is é sin ar an mbille pá iomlán agus ar an bpárolla, agus ar thalamh, ar fhoirgnimh agus ar struchtúir eile, os cionn mheán an Aontais. Mar sin féin, tá cánacha tomhaltais réasúnta íseal, d’ainneoin nach bhfuil siad chomh saobhach céanna. An tráth céanna, leis an iliomad caiteachas fioscach agus cánach sóisialta, méadaítear castacht an chórais cánach, bíonn caillteanais shuntasacha éifeachtúlachta leithdháilte ann agus tugtar le tuiscint go mbeidh ualach trom buiséadach ann (beagnach 6 % de OTI in 2025). Dá mbeadh meascán cánach ann lenarbh fhearr a gcothófaí an fás, bheadh gá le straitéis fhioscach chuimsitheach lena ndíreofaí ar fheabhas a chur ar an bhfás a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais chánach, agus lena dtacófaí leis an gcomhdhlúthú fioscach an tráth céanna. Dá laghdófaí an t-ualach cánach ar shaothar (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta) agus ar chaipiteal táirgiúil, agus cánacha tomhaltais á n-ardú, lena n-áirítear cánacha comhshaoil, d’fhéadfaí an saobhadh eacnamaíoch a laghdú agus tacú leis an iomaíochas agus leis an bhfás. Thairis sin, trí chaiteachas fioscach agus caiteachas cánach sóisialta a laghdú agus a chuíchóiriú, rannchuideofaí le boinn chánach a leathnú, rud a chuideodh le méaduithe ar rátaí reachtúla a sheachaint.

(21) Tá leibhéal ard castachta riaracháin sa Fhrainc. Tá caidrimh chasta airgeadais ar fud leibhéil éagsúla rialtais agus inniúlachtaí forluiteacha i gceist le go leor sraitheanna riaracháin a bheith ann a tráth céanna. Cruthaíonn siad sin costais chomhordaithe iomarcacha, gan feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí a sholáthraítear. Ach an chastacht riaracháin a laghdú agus inniúlachtaí agus freagrachtaí airgeadais a shoiléiriú ar fud na leibhéal éagsúil rialtais, chuideofaí le caiteachas agus ioncaim a stiúradh go héifeachtach, i gcomhréir le gealltanais bhuiséadacha. Mhéadódh sé sin éifeachtúlacht agus cáilíocht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí, agus bheadh sé mar bhonn taca faoin gcomhdhlúthú fioscach an tráth céanna.

(22) Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann i seirbhísí poiblí, amhail cúram sláinte (go háirithe i 'bhfásaigh leighis'), oideachas, soghluaisteacht, agus tithíocht, agus tá dúshláin ar leith roimh cheantair thuaithe maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Sna réigiúin is forimeallaí sa Fhrainc, cuireann pleanáil lag maidir le húsáid talún agus acmhainneacht riaracháin theoranta bac breise ar chur chun feidhme éifeachtach beartais agus ar infheistíocht phoiblí.

(23) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(24) Sa Fhrainc, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon . Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú. Tá an Fhrainc ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, tá dúshláin cur chun feidhme fós le sárú ag roinnt clár sna réigiúin is forimeallaí agus bíonn deacrachtaí acu spriocanna a gclár a bhaint amach. An tráth céanna, ní mór don Fhrainc dlús a chur le cur chun feidhme CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Fhrainc ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[16], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

[16] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(25) Taobh amuigh de na dúshláin a dtugtar tuairisc orthu thuas, tá dúshláin eile roimh an bhFrainc freisin a bhaineann leis an ualach riaracháin agus rialála, déine T&F in earnáil an ghnó, tacaíocht don nuálaíocht shuaiteach, éifeachtacht an chomhair idir gnólachtaí agus an saol acadúil, digiteáil fiontar beag agus meánmhéide (FBManna), dícharbónú iompair agus foirgneamh, leathadh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistíochtaí gaolmhara san eangach leictreachais agus sa stóráil leictreachais chomh maith le leictriú úsáidí deiridh, cáilíocht agus ganntanas uisce, ganntanais scileanna, torthaí mhargadh saothair na hóige, an córas oideachais, gairm na múinteoireachta agus bochtaineacht lucht oibre agus leanaí.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le nósanna imeachta riaracháin. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ní mór don Fhrainc tuilleadh beart a dhéanamh. Is éard a bheadh i gceist leis sin freisin infhaighteacht mhéadaithe seirbhísí poiblí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, ós rud é nach bhfuil aon bhorradh faoina soláthar agus go bhfuil sé fós faoi bhun mheán an Aontais. I lár mhí Aibreáin 2026, glacadh an dlí maidir leis an saol eacnamaíoch a shimpliú. Tugtar isteach leis an dlí 'tástáil fiontar' agus comhlacht tiomnaithe, an Chomhairle um Shimpliú a thugann ionadaithe gnólachtaí le chéile, chun na noirm nua agus mhodhnaithe a thástáil. Féadfar dul i gcomhairle leis an gComhairle um Shimpliú maidir leis na noirm atá ann cheana freisin. Éascaíonn an dlí bunú tionscadal tionsclaíoch agus bonneagair agus lárionad sonraí, faoi réir coinníollacha, agus éascaíonn sé tionscadail aistrithe fuinnimh. Éascaíonn an dlí rochtain gnólachtaí ar sholáthar poiblí freisin. Mheas sciar méadaitheach nach beag de ghnólachtaí sa Fhrainc go raibh rialacháin maidir leis an margadh saothair agus rialacháin ghnó ina mbacainn mhór ar an infheistíocht[17]. Meastar gurb iad na nósanna imeachta a bhaineann le scor íocaíochtaí, scor gníomhaíochtaí agus imeachtaí dlíthiúla na nósanna imeachta is casta a chur i gcrích. Cé go n-éascaíonn an dlí simpliúcháin aistrithe gnó, ní thugann sé aghaidh ar nósanna imeachta um scor gníomhaíochtaí.

[17] 27 % agus 26 % le haghaidh rialacháin maidir leis an margadh saothair agus maidir le gnó faoi seach in 2025, méadú ó 20 % agus 19 % in 2024. Ar an iomlán, mheas thart ar 60 % de ghnólachtaí go raibh na rialacháin sin ina mbac ar an infheistíocht in 2025 sa Fhrainc. Suirbhéanna infheistíochta BEI 2025 agus 2024.

(27) Tá srianta rialála ar ghnólachtaí intíre fós níos airde sa Fhrainc ná i dtíortha inchomparáide le haghaidh roinnt gairmeacha agus tá siad i measc na srianta is airde san Aontas maidir le miondíol. Dá ndéanfaí athbhreithniú ar scrúduithe áitiúla éigeantacha do ghairmithe eachtracha, dá laghdófaí táillí íosta éigeantacha, agus dá dtairgfí roghanna malartacha ar bhallraíocht éigeantach i gcomhlacht gairmiúil, d’fhéadfaí tacú níos fearr le fás gnólachtaí nuálacha nua agus costas na n-ionchur idirmheánach a laghdú. Trí shrianta ar mhiondíol a mhaolú – amhail ceanglais chlárúcháin, údaruithe agus srianta oibríochtúla – d’fhéadfaí feabhas a chur ar oibríochtaí gnó agus dul chun tairbhe do thomhaltóirí trí phraghsanna iomaíocha agus trí rogha táirgí níos leithne. Tríd an timpeallacht rialála don earnáil tógála a shimpliú, lena n-áirítear ceadú, d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar shrianta soláthair tithíochta. Cuireann rialacha náisiúnta maidir le pacáistiú agus lipéadú ualaí comhlíontachta ar thrádáil earraí. De réir mheasúnú an Choimisiúin agus ECFE, tá srianta rialála ar thrádáil trasteorann i seirbhísí laistigh de LEE sa Fhrainc i measc na srianta is airde san Aontas, maidir le hailtireacht, seirbhísí dlí, cuntasaíocht, seirbhísí dáileacháin, aeriompar, lasta iarnróid agus lasta de bhóthar go háirithe. Le coinníollacha feabhsaithe maidir le rochtain ar an margadh, ceadúnú níos trédhearcaí, agus bacainní níos lú ar ghluaiseacht daoine, le tacaíocht ó iarrachtaí chun easaontais trádála digití a laghdú, d’fhéadfaí a chur ar a cumas don bhFrainc leas a bhaint as gnóthachain táirgiúlachta agus iomaíochais.

(28) D'ainneoin ceann de na sciartha is airde de thacaíocht phoiblí a bheith aici do T&F in earnáil an ghnó san Aontas, tá T&F príobháideach na Fraince marbhánta agus d'fhan sé beagán faoi bhun mheán an Aontais in 2024. Réamh-mheastar go n-ardóidh an príomhshásra, an creidmheas cánach taighde, go EUR 8,0 billiún in 2026 (0,3 % de OTI)[18]. Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún Náisiúnta um Meastóireacht ar Bheartais Nuálaíochta in 2021 nach raibh aon éifeacht shuntasach ag an scéim ar ghnólachtaí móra, d'ainneoin an leathchuid den tacaíocht a bheith aistrithe chucu. Dá ndéanfaí an chabhair a dhíriú níos fearr ar FBManna nuálacha, ar chuideachtaí meánchaipitlithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta agus dá n-éascófaí a nglacadh leis an scéim, d'fhéadfaí borradh a chur faoi T&F ós rud é go bhfuil na gnólachtaí sin níos srianta ó thaobh airgeadais de. Dá n-ísleofaí tairseach an chaiteachais incháilithe faoin gcreidmheas cánach taighde agus dá méadófaí an buntáiste do chuideachtaí nuálacha beaga agus óga, d'fhéadfaí an scéim a dhéanamh níos éifeachtaí maidir le déine T&F a mhéadú trí éifeachtaí breisíochta a mhéadú.

---

**18** ECFE (2020), '*How effective are R&D tax incentives? New evidence from the OECD microBeRD project*, Nóta Beartais ón Stiúrthóireacht um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, ECFE, Páras. Conseil d'analyse économique (2022), Focus N°090-2022 Renforcer l'impact du Crédit d'impôt recherche, Philippe Aghion, Nicolas Chanut agus Xavier Jaravel. Bunel, S. agus Sicsic, M. (2024), '*Les incitations fiscales à la recherche et développement et à l'innovation : état des lieux, effets et alternatives*', Sciences Po LIEPP Páipéar Oibre uimh. 163.

(29) De ghnáth, le tacaíocht nuálaíochta spriocdhírithe, mar a sholáthraítear le plean infheistíochta 'France 2030', tacaítear le méadú ar infheistíocht dholáimhsithe, lena n-áirítear infheistíocht i maoin intleachtúil, rud a fhágann go mbíonn táirgiúlacht agus iomaíochas méadaithe ann[19]. Léirítear i meastóireacht a rinneadh in 2023 ar 'France 2030' go bhfuil tionchar suntasach aige ar OTI agus ar an bhfostaíocht, cé go bhféadfadh cuíchóiriú na tacaíochta a bheith tairbheach. Mar sin féin, tá moill á cur ag an bhFrainc ar imscaradh 'France 2030' agus níor fógraíodh plean infheistíochta leantach go fóill. Dá dtabharfaí isteach clár infheistíochta straitéisí ilbhliantúil a bheadh dírithe ar an nuálaíocht shuaiteach agus lena gcumhdófaí timthriall iomlán an taighde agus na nuálaíochta, le rialachas feabhsaithe i gcomhréir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó 'France 2030'[20], d'fhéadfaí dlús a chur le cur in úsáid teicneolaíochtaí nua agus tacú le ceannasacht thionsclaíoch i bpríomhearnálacha straitéiseacha, leis an tslándáil eacnamaíoch agus leis an bhfás fadtéarmach.

---

[19] Roth, F., & Thum, A. E. (2013). *Intangible capital and labor productivity growth: Panel evidence for the EU from 1998-2005, Review of Income and Wealth*, 59(3), 486e508. https://doi.org/10.1111/roiw.12009; Dimas, P., D. Stamopoulos agus A. Tsakanikas (2022), '*Intangibles and Participation in Global Value Chains in the EU*: *Evidence from the GLOBALINTO Input-Output Intangibles Database', Economic and Business Review.*

[20] Cour de comptes (2024) '*10 ans de politiques publiques en faveur de l'industrie*', leathanaigh 86–87 ; *le Comité de surveillance des investissements d'avenir (2026), 'France 2030: un déploiement massif et rapide à pérenniser, un impact à renforcer', 2ce0410dc4f9499917f929e71c6f716395ef68aa.pdf*.

(30) Tá bearna mhór chistiúcháin fós roimh ghnólachtaí na Fraince atá i mbun fáis. Ar an meán, níl ach 60 % de chaipiteal bailithe ag gnólacht Francach mar atá bailithe ag gnólacht inchomparáide sna Stáit Aontaithe, 10 mbliana tar éis a bhunaithe[21]. Ós rud é go bhfuil gnólachtaí atá ag méadú níos táirgiúla agus níos nuálaí ná gnólachtaí eile, dá dtabharfaí aghaidh ar an mbearna chistiúcháin nuálaíochta agus dá méadófaí an infheistíocht i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach, mhéadófaí ionchais fáis na Fraince. Is féidir é sin a bhaint amach trí chistí infheisteoirí institiúideacha a ghiaráil a thuilleadh, lena n-áirítear trí 'thionscnamh Tibi', infheistíocht mhiondíola a shlógadh agus, ar deireadh, rochtain ar na margaí tairisceana tosaigh don phobal (TTP) a éascú[22]. Ar bhonn níos leithne, d'fhéadfaí an t-éiceachóras coigiltis agus infheistíochta sa Fhrainc a neartú chun tairbhe don gheilleagar trí shealúchais chothromais infheisteoirí institiúideacha amhail cistí pinsin agus cuideachtaí árachais a mhéadú agus trí infheistíocht chothromais ó infheisteoirí miondíola a spreagadh, go háirithe trí *Plan d'Epargne en Actions* (PEA).

[21] Fratto, C., Gatti, M., Kivernyk, A., Sinnott, E., & van der Wielen, W. (2024). *The scale-up gap: Financial market constraints holding back innovative firms in the European Union, European Investment Bank*. https://doi.org/10.2867/382579.

[22] De réir Shuirbhé Cothromais CEI 2025 (eif-equity-survey-2025.pdf), luaigh beagnach leath de na comhpháirtithe ginearálta a bhainistíonn cistí caipitil fiontair san Eoraip margaí tairisceana tosaigh don phobal mar bhac mór ar uas-scálú. Eascraíonn bacainní níos tábhachtaí fós as margaí ilroinnte, as rochtain ar chaipiteal, agus as an fonn riosca níos ísle ar infheisteoirí.

(31) Tá naisc níos dlúithe idir an eolaíocht agus an gnó ríthábhachtach chun nuálaíocht a ghiniúint. Tugadh isteach raon leathan eintiteas[23] agus ionstraimí chun tacú leis an gcomhar sin sa Fhrainc. Mar sin féin, is bacainn shuntasach í castacht éiceachóras aistrithe teicneolaíochta agus luachshocraithe taighde na Fraince, mar a chuir an *Inspection générale des finances* i dtábhacht in 2024[24]. Seoladh athbhreithniú in 2025 ar shamhail rialachais agus mhaoinithe na gcuideachtaí luathaithe aistrithe teicneolaíochta (SATT) agus, ar bhonn níos leithne, ar a ról chun an t-aistriú teicneolaíochta a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil, agus é mar chuspóir leis an athbhreithniú sin go mbeidh leagan amach eagraíochtúil nua ann faoi 2027. Chun torthaí nuálaíochta a fheabhsú, ní mór éifeachtacht na n-éiceachóras aistrithe eolais agus teicneolaíochta a mhéadú. Is féidir sin a bhaint amach trí dhíriú ar thorthaí nithiúla, amhail méadú suntasach ar chomhduithe paitinne, cosaint maoine intleachtúla, agus cruthú gnó. Dá ndéanfaí na héiceachórais a shimpliú, mar shampla trí róil na n-eintiteas atá ann cheana a chuíchóiriú nó trí bhorradh a chur faoin gcomhar eatarthu, d'fhéadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach freisin.

[23] Amhail cuideachtaí luathaithe aistrithe teicneolaíochta (*Sociétés d'accélération du transfert de technologies*, SATT), institiúidí taighde teicneolaíochta (*Instituts de Recherche Technologique*), agus institiúidí ospidéil ollscoile (*Instituts Hopitalo-Universitaires*).

[24] An Coiste Faireacháin um Infheistíochtaí don Todhchaí. Meastóireacht ar an gCéad Chuid den Chlár um Infheistíochtaí don Todhchaí (PIA, 2009-2019), Samhain 2019, Le PIA, un outil à préserver, une ambition à refonder; Cour des comptes (2018), *Les outils du PIA consacrés à la valorisation de la recherche publique*; *Inspection générale des finances (2024), Évaluation des dispositifs Carnot.*

(32) D'ainneoin dul chun cinn maidir le digiteáil FBManna agus glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha, tá an Fhrainc faoi bhun mheán an Aontais i gcónaí. I measc na bpríomhbhacainní a bhaineann le digiteáil FBManna tá easpa saineolais agus scileanna, ábhair imní maidir leis an gcibearshlándáil, agus srianta airgeadais, mar gheall ar thorthaí doiléire ar infheistíocht go háirithe. Tá moill ar an nglacadh digiteach, in FBManna go háirithe, ar cheann de na tosca a chuireann isteach ar an méadú táirgiúlachta agus ar an iomaíochas sa Fhrainc. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le digiteáil FBManna chun spriocanna digiteacha 2030 an Aontais a bhaint amach, ina luaitear gur cheart do níos mó ná 90 % de FBManna an Aontais Eorpaigh bunleibhéal déine digití ar a laghad a bhaint amach faoi 2030. Tá 'France Num' fós ar an bpríomhuirlis phoiblí a thacaíonn le digiteáil bhunúsach FBManna, agus é ag gníomhú go príomha mar líonra páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an aistriú digiteach. Is é is aidhm don phlean nua '*Osez l'IA*' teicneolaíochtaí intleachta saorga a scaipeadh i ngnólachtaí móra agus in FBManna, rud a chuirfidh leis an digiteáil. Mar sin féin, níl sé dírithe ar FBManna, ná dírithe ar an digiteáil bhunúsach.

(33) Leanadh den mhoilliú ar an dícharbónú a tugadh faoi deara in 2024 in 2025. Níl aon earnáil ar an mbóthar ceart chun spriocanna 2030 a leagtar síos i dtríú dréachtstraitéis ísealcharbóin na Fraince a bhaint amach, agus is in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair atá na bearnaí is mó, rud atá níos measa fós mar gheall ar linnte carbóin nádúrtha atá ag meath, lena bhfritháirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). Is é an t-iompar an phríomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa sa Fhrainc i gcónaí. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le dícharbónú an iompair de bhóthar chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a bhaint amach. Is ar bhóithre den chuid is mó atá an t-iompar lasta sa Fhrainc bunaithe go fóill. Chun tacú le haistriú módach ó bhóithre go hiarnród agus uiscebhealaí intíre, ní mór don Fhrainc an Gréasán Tras-Eorpach Iompair a chur i gcrích chun an toilleadh agus dlús an ghréasáin a mhéadú, agus ní mór di infheistíochtaí leordhóthanacha sa bhonneagar iarnróid a áirithiú freisin. Tá acmhainneacht mhór dícharbónaithe ag baint le huiscebhealaí intíre freisin agus d'fhéadfaí leas breise a bhaint astu trí fheabhas a chur ar cháilíocht líonra na n-uiscebhealaí intíre agus ar idir-inoibritheacht, infhaighteacht sonraí agus dlús críochfoirt na seirbhísí faisnéise tráchta abhann. D'fhéadfadh an Fhrainc glacadh feithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha a spreagadh a thuilleadh trí cheannach feithiclí innill dócháin a dhídhreasú, trí fheithiclí tromshaothair leictreacha a dhíolmhú ó dholaí ar bhóithre ardluais agus trí chostas seachtrach astaíochtaí $CO_2$ ó ghnáthfheithiclí tromshaothair i ndolaí a inmheánú.

(34) Tá an tomhaltas fuinnimh deiridh in earnáil na bhfoirgneamh cónaithe agus treasach marbhánta den chuid is mó ó bhí 2015 ann agus tháinig méadú 1 % air in 2024, agus níor tháinig ach laghdú 1,5 % ar astaíochtaí GCT in 2025 (i gcomparáid le -0,7 % in 2024), de réir na meastachán is déanaí ó Citepa. Níl an Fhrainc ar an mbóthar ceart go fóill chun a tríú buiséad carbóin don earnáil a chomhlíonadh[25]. Cé go bhfuil athrú tagtha ar scéim 'MaPrimeRenov' chun athchóirithe fuinnimh níos éifeachtúla a chur chun cinn, tháinig laghdú 10 % ar líon na n-athchóirithe fuinnimh, rud a léiríonn athruithe leanúnacha stadacha ar an scéim. Mar gheall ar an éagobhsaíocht sin – trí bhristeacha, cineál athraitheach na hoibre incháilithe agus na gcoinníollacha ioncaim chun rochtain a fháil ar mhaoiniú – tá an móiminteam lagaithe, tá an intuarthacht do theaghlaigh agus don earnáil laghdaithe, agus tá moill curtha ar chur in úsáid teaschaidéal. Cé gur ghlac an Fhrainc athchóirithe le déanaí chun scéim na ndeimhnithe coigiltis fuinnimh a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na Fraince roimhe seo[26], is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an aistriú i dtreo maoiniú atá bunaithe ar dheimhnithe coigiltis fuinnimh. Dá bhrí sin, ní mór don Fhrainc dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a sprioc 2030 maidir le hastaíochtaí foirgneamh faoina tríú dréachtstraitéis ísealcharbóin (SNBC-3) a bhaint amach, trí scéimeanna a shimpliú agus trí thacaíocht chobhsaí intuartha a áirithiú go háirithe. Áirítear leis sin tús áite a thabhairt d'athchóirithe uaillmhianacha (is é sin, athchóirithe lena mbaintear amach coigilteas fuinnimh 30 % ar a laghad) agus lena ndírítear ar theaghlaigh leochaileacha.

---

[25] Tá an Fhrainc ag 56 MtCO2e, faoi bhun a tríú buiséid carbóin don earnáil, atá socraithe ag 52 MtCO2e ar an meán le linn 2024-2028.

[26] Cour des Comptes, 2024 Les certificats d'économies d'énergie, communication à la commission des finances, de l'économie générale et du contrôle budgétaire de l'Assemblée nationale.

(35) Bhain an Fhrainc an sprioc a bhí aici do 2020 maidir le fuinneamh in-athnuaite atá ceangailteach ó thaobh dlí de amach in 2024, agus foinsí in-athnuaite fuinnimh i gceist le 23,2 % den tomhaltas fuinnimh deiridh – 4 bliana taobh thiar den sceideal. Ní sí ar an mbóthar ceart fós i gcoibhneas lena rannchuidiú táscach[27] le sprioc 2030 an Aontais, is é sin 42,5 %. Tar éis roinnt blianta de chomhairliúchán, glacadh an tríú clár fuinnimh ilbhliantúil (PPE-3) ar deireadh i mí Feabhra 2026, clár a chuidíonn an creat beartais a shoiléiriú agus a sholáthraíonn intuarthacht níos fearr maidir le hinfheistíochtaí. Chun cuspóirí náisiúnta 2030 agus 2035 a bhaint amach agus chun muinín a athbhunú i measc infheisteoirí agus forbróirí, beidh gá le Dlí 2023 maidir le Dlús a chur le Táirgeadh Fuinnimh In-athnuaite[28] a chur chun feidhme go hiomlán, ar athchóiriú é a áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince agus ina plean fioscach-struchtúrach meántéarmach chun bonn taca a chur faoi shíneadh leis an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh. Cé gur glacadh roinnt athchóirithe, ní mór aghaidh a thabhairt fós ar na príomhbhacainní, go háirithe na nósanna imeachta um cheadú atá mall agus casta. Ar deireadh, beidh sé ríthábhachtach tairiscintí a sheoladh go tapa ar fud na dteicneolaíochtaí uile, mar aon le réigiúnú níos mó a dhéanamh ar phleanáil fuinnimh – sna réigiúin is forimeallaí a bhfuil srianta sonracha rompu go háirithe – chun uaillmhian na Fraince maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach agus chun tacú le slabhraí luacha teicneolaíochta glaine intíre agus an Aontais a mhéadú in earnálacha straitéiseacha.

---

27 Léirítear san fhoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán maidir le Rialachas gur cheart sprioc 44 % faoi 2030 a bheith ag an bhFrainc.

28 Tá thart ar an gceathrú cuid de na gníomhartha cur chun feidhme is gá fós ar feitheamh agus níl ‘crios luasghéaraithe fuinnimh in-athnuaite’ ainmnithe ach ag 16 000 bardas.

(36) Is féidir le tréimhsí rósholáthair leictreachais agus éilimh mharbhánta sa Fhrainc cur le minicíocht praghsanna diúltacha, le ciorrú leictreachais in-athnuaite agus le modhnú núicléach. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh ról níos úsáidí a bheith ag modhanna solúbthachta, amhail freagairt ar an éileamh nó acmhainneachtaí stórála, i gcás ina mbeadh siad costéifeachtach, chun an córas leictreachais a bharrfheabhsú, slándáil an tsoláthair a áirithiú agus líonraí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, lena n-áirítear le na hacmhainneachtaí breise ceallraí a suiteáladh in 2025, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun méideanna méadaitheacha leictreachais in-athnuaite agus ghlain a chomhtháthú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i bhfianaise an laghdaithe a bhfuil coinne leis ar tháirgeadh fuinnimh gléasraí núicléacha atá ann cheana faoi 2050, agus i bhfianaise an riosca a bhaineann le hidirghabhálacha cothabhála neamhphleanáilte. Cuireann sé sin i dtábhacht freisin an gá atá le hatreisiú a dhéanamh ar eangach intíre agus ar an eangach trasteorann araon. Tá infheistíochtaí substaintiúla déanta ag oibreoirí córais leictreachais (RTE[29] agus Enedis) chun gréasáin tarchuir agus dáileacháin a leathnú agus a nuachóiriú. Mar sin féin, cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an bhFrainc den chuid is mó i dtreo a riachtanas infheistíochta bonneagair réamh-mheasta, tá an seachadadh fós ag brath ar mhonaraíocht agus acmhainneacht dhaonna leordhóthanach, lena n-áirítear lucht saothair oilte agus táirgeadh agus soláthar cáblaí. I gcomparáid leis sin, tá an dul chun cinn maidir le tionscadail trasteorann teoranta i gcónaí: Bhí leibhéal idirnaisc leictreachais na Fraince faoi bhun sprioc 2030 an Aontais in 2025, is é sin 15 %. Cé go bhfuil an Fhrainc idirnasctha lena tíortha comharsanachta agus go bhfuil tionscadail nua ar siúl, tá moilleanna fós ann agus ní léirítear príomhthionscadail, amhail an t-idirnasc tras-Phiréineach, go hiomlán sa phleanáil atá ann faoi láthair d'ainneoin a stádais mar Thionscadal Leasa Choitinn. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí acmhainneacht idirnasctha trasteorann a neartú chun cuidiú le giniúint barrachais leictreachais a bhainistiú sa ghearrthéarma, agus chun feabhas a chur ar chomhtháthú mhargadh an Aontais, ar sholúbthacht an chórais, agus ar leathnú an fhuinnimh in-athnuaite, go háirithe le Leithinis na hIbéire.

[29] D'fhormheas Rialtóir na Fraince plean mór-infheistíochta EUR 100 billiún RTE go dtí 2040 i mí Feabhra 2026: Examen du schéma décennal de développement du réseau de RTE élaboré en 2025 | CRE.

(37) Mar gheall ar an méadú a tháinig le déanaí ar sholáthar agus ar infhaighteacht leictreachais ghlain (trí infhaighteacht níos fearr an fhlít núicléach agus trí chur in úsáid níos tapúla fuinnimh gréine) mar aon le héileamh atá cobhsaí, tríd is tríd, agus an gá méadaitheach le réitigh sholúbthachta sa chóras leictreachais, tá uaireanta praghsanna diúltacha níos minice, luaineacht praghsanna níos airde, ciorrú níos airde fhuinneamh in-athnuaite ann, mar aon le gá níos mó le modhnú aschuir núicléach. Tá meascán leictreachais atá saor ó bhreoslaí iontaise den chuid is mó ag an bhFrainc agus bhí an tríú praghas mórdhíola leictreachais is ísle aici ar fud an Aontais in 2025, rud a fhágann gur veicteoir tarraingteach ó thaobh an gheilleagair de le haghaidh an dícharbónaithe é an leictreachas glan. Mar sin féin, níor baineadh leas fós as an acmhainneacht mhór leictriúcháin agus cuireann sé sin leis an dinimic rósholáthair atá ann faoi láthair:t á an sciar leictreachais i dtomhaltas fuinnimh deiridh na Fraince os cionn mheán an Aontais, ach tá sé marbhánta le 10 mbliana anuas, gan ach méadú measartha tagtha air ó 20 % in 1990 go 26 % in 2024 de réir roinn sonraí agus staidéar staidrimh na Fraince (SDES). In 2024, 35,4 % agus 35,7 % de thomhaltas deiridh teaghlach agus tionscail faoi seach a bhí sa leictreachas, agus d’fhan a sciar in iompar íseal, ag 2,5 %. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le leictriú ar fud na n-earnálacha, chuideofaí leis an ngeilleagar a dhícharbónú ar bhealach costéifeachtach, chruthófaí asraonta breise le haghaidh giniúint ísealcharbóin, agus thacófaí leis an gcás gnó maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus réitigh sholúbthachta. D’fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chlár um leictriú úsáidí deiridh a chur chun feidhme, clár a mbeadh spriocanna uaillmhianacha ann d’earnálacha ardastaíochtaí – amhail iompar, téamh agus fuarú i bhfoirgnimh, agus tionscal.

(38) Tá an ganntanas uisce ag cur srian méadaitheach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus bhí 24-26 % d'oll-aschur na Fraince neamhchosanta ar rioscaí uisce dromchla agus ar chostais a bhaineann le triomach os cionn EUR 5 bhilliún in 2022. Tá tionchar trasearnála ag an nganntanas uisce agus cruthaíonn sé teannas ar fud earnálacha atá dian ar uisce amhail fuinneamh, talmhaíocht, tionscal agus turasóireacht i bhformhór na réigiún. Is measa fós an brú sin mar gheall ar spleáchas na Fraince ar uisce le haghaidh táirgeadh leictreachais (hidreachumhacht agus fuarú núicléach), a n-aithnítear a rioscaí aeráide sa tríú Plean Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (PNACC-3). Cuireann éagothromaíochtaí réigiúnacha leis an mbrú sin a thuilleadh: bíonn tionchar ag truailliú níotráite agus lotnaidicídí ar limistéir diantalmhaíochta; tá éileamh ard ann i réigiúin uirbeacha agus thionsclaíocha in éineacht le truailleáin éagsúla (lena n-áirítear SPFA[30] agus micreaphlaistigh). Is dúshlán fós é rochtain ar uisce óil agus sláintíocht agus tá bearna infheistíochta bhliantúil nach beag thart ar EUR 4,6 billiún ann, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí, d'ainneoin cláir infheistíochta spriocdhírithe amhail Plean Uisce na Ranna Thar Lear (PEDOM). Tá gá le rialachas uisce náisiúnta agus áitiúil a fheabhsú chun éilimh iomaíocha a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus coinbhleachtaí ar fud na n-earnálacha a réiteach, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar bhearnaí infheistíochta i mbonneagair athléimneacha uisce, faireachán ar cháilíocht an uisce agus trédhearcacht na cáilíochta á neartú, agus cáilíocht an uisce á cosaint ar thruailliú talmhaíochta agus tionsclaíoch chun tionchar eacnamaíoch an ghanntanais uisce agus an díghrádaithe cáilíochta uisce a laghdú. Ar deireadh, ba cheart na feabhsuithe sin a leabú i gcur chuige comhtháite maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

---

[30] Substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (i.e. buancheimiceáin shintéiseacha).

(39) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an bhFrainc in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(40) D'ainneoin feabhas nach beag, tá ráta fostaíochta na Fraince íseal i gcónaí agus tá bacainní ar fhostaíocht fós ann, d'oibrithe óga go háirithe. D'ainneoin iarrachtaí chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige trí chláir a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa+, mar shampla '1 jeune, 1 solution' agus an 'Contrat d'engagement jeune', tá méadú ag teacht ar rátaí dífhostaíochta i measc na hóige (19.7 % in 2025, 15-24 bliain d'aois) agus ar sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET) (12.7 % in 2025, 15-29 bliain d'aois). Tá deiseanna fostaíochta don óige in easnamh go háirithe sna réigiúin is forimeallaí, i gceantair thuaithe, i bhforimeallacha uirbeacha agus i gcríocha atá ag dul faoi aistriú tionsclaíoch. Cuireann rochtain theoranta ar thithíocht inacmhainne agus ar iompar inacmhainne bac breise ar imeascadh sa mhargadh saothair, agus tá na dúshláin sin an-ghéar sna réigiúin is forimeallaí. Cé gur gá measúnú a dhéanamh fós ar chur i bhfeidhm an athchóirithe ar France Travail agus ar chur chun feidhme reatha an Achta um Fhostaíocht Iomlán, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an imeascadh i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás daoine óga, agus d'fhéadfaí ganntanais lucht saothair a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin, go háirithe trí fheabhas a chur ar spriocdhíriú, comhsheasmhacht agus feasacht na scéimeanna tacaíochta atá ann cheana, feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht agus ar roghanna soghluaisteachta agus oideachas agus oiliúint a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais fostóirí.

(41) Tá mímheaitseáil scileanna roimh mhargadh saothair na Fraince freisin, i bpríomhearnálacha amhail na hearnálacha monaraíochta, tógála, sóisialta agus cúraim sláinte go háirithe, earnálacha ina bhfuil deacrachtaí earcaíochta fós iontu go fóill. Tá infheistíocht déanta ag an bhFrainc in uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó CSE+, rud a fhágann go bhfuil méadú beag tagtha ar líon na ndaoine fásta atá rannpháirteach san oiliúint (49,2 % in 2022, i gcomparáid le 48,4 % in 2016). Mar sin féin, tá an dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 65 % mall fós, i measc oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe scothaosta go háirithe. Tá gá fós le hoiliúint a ailíniú níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair agus le tacaíocht níos láidre do ghrúpaí leochaileacha. Ina theannta sin, d’fhéadfadh ciorruithe a rinneadh le déanaí ar chistiú printíseachta agus oiliúna[31] rannpháirtíocht fhoriomlán a laghdú. Tá easpa lucht saothair oilte, in ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) go háirithe, ag cur teorainn le cumas na Fraince freastal ar an éileamh méadaitheach in earnálacha atá dírithe ar an teicneolaíocht. Go háirithe, tá innealtóirí TFC agus innealtóirí tionsclaíocha i measc na ngairmeacha lena mbaineann na réamhaisnéisí fáis is láidre, ach fós féin, tá baol ann go mbeidh beagnach post amháin as gach ceithre phost fós folamh mar gheall ar na ganntanais scileanna sin. Tá laghdú ag teacht ar an gclárú do staidéir ETIM agus tá sé faoi bhun mheán an Aontais i gcónaí. Chuideodh iarrachtaí chun borradh a chur faoin gclárú do staidéir ETIM san oideachas meánscoile uachtaraí agus san oideachas treasach, mar aon le hidirghabhálacha luatha d’fhoghlaimeoirí ardacmhainneachta, chomh maith le neartú na hoiliúna leanúnaí do mhúinteoirí i réimsí ETIM, le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna ETIM i bpríomhthionscail.

31 2026 budget, Loi de Finances 2026.

(42) Tá laghdú ag teacht ar inniúlacht i mbunscileanna agus in ETIM i gcóras oideachais na Fraince[32]. Cé go bhfuil scóir PISA gar do mheán an Aontais, tá méadú tagtha ar sciar na ndaoine 15 bliana d'aois ar lag a gcumas san eolaíocht, sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht agus sáraíonn an sciar sin sprioc 2030 15 %[33], go háirithe sa mhatamaitic, réimse ina bhfuil sciar na ndaoine is fearr cruthú tar éis dul ar gcúl freisin. Tá ceann de na bearnaí socheacnamaíocha is leithne san Aontas ag an bhFrainc freisin[34], agus tá an cúlra socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire láidir ar thorthaí oideachais. Ní leor fós an tacaíocht atá ann cheana d'ísealghnóthachtálaithe, go príomha mar gheall ar chumhdach neamhleor an '*réseaux d'éducation prioritaire*' (líonra oideachais tosaíochta). Trí réimsí oideachais tosaíochta a leathnú, critéir sholúbtha a ghlacadh do scoileanna faoi mhíbhuntáiste, agus sonraí measúnaithe mac léinn a ghiaráil chun modhanna teagaisc a chur in oiriúint, d'fhéadfaí rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais aonair ar bhealach níos fearr agus feabhas a chur ar fheidhmíocht na mac léinn i mbunscileanna, ag tosú ó aois óg. Mar sin féin, mar thoradh ar athruithe beartais ar bhonn tráthrialta, ní leor an t-am chun an méid sin a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh, agus is lú úinéireacht atá ag an bpobal teagaisc dá mbarr agus chuir siad isteach ar éifeachtacht na n-athchóirithe.

32 Suirbhé 2023 maidir le Treochtaí sa Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS).

33 De réir shuirbhé Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí (PISA), thearcfheidhmigh 28,8 % de dhaoine 15 bliana d'aois sa mhatamaitic sa Fhrainc i gcomparáid le 29,5 % san Aontas, thearcfheidhmigh 26,9 % díobh sa léitheoireacht i gcomparáid le 26,2 % san Aontas agus thearcfheidhmigh 23,8 % díobh san eolaíocht i gcomparáid le 24,2 % san Aontas.

34 OECD (2023). Torthaí PISA 2022 (Imleabhar I).

(43) Tá dúshláin nach beag ann fós maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre múinteoirí agus ar cháilíocht a n-oiliúna, rud a bhaineann an bonn de tharraingteacht na gairme. Tá laghdú ag teacht ar líon na n-iarrthóirí teagaisc sa Fhrainc agus tá laghdú ag teacht ar líon na mball foirne buan. Áirítear ar na príomhthosca a chuireann leis sin pá neamhleor i gcomparáid le meán an Aontais[35], drochdhálaí oibre, aitheantas gairme teoranta, agus deiseanna teoranta le haghaidh na soghluaisteachta[36][37]. Thairis sin, léirítear i suirbhé TALIS is déanaí go dtuairiscíonn múinteoirí Francacha sástacht níos ísle maidir le hoiliúint tosaigh múinteoirí (ITE) agus le forbairt ghairmiúil leantach (CPD) araon i gcomparáid le piaraí an Aontais, agus tá bearnaí criticiúla ann san oiliúint, i réimsí atá ag teacht chun cinn amhail comhtháthú IS go háirithe. Dá méadófaí an spleáchas ar mhúinteoirí sealadacha a bhfuil leibhéil níos ísle cáilíochtaí agus taithí acu agus dá mbeadh rochtain níos ísle ar oiliúint acu, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do cháilíocht an teagaisc. Rinneadh bearta chun feabhas a chur ar dhálaí teagaisc, lena n-áirítear athchóiriú ITE 2025, as ar eascair méadú cheana féin ar iarratais scrúdaithe, rud a thugann le fios go bhféadfadh méadú a bheith ann ar tharraingteacht na gairme. Mar sin féin, ghníomhaigh buiséad 2026 chun 4000+ post múinteoirí a chosc, rud a raibh údar páirteach leis mar gheall ar an meath déimeagrafach ach rud a chuir teorainn freisin leis na deiseanna chun méideanna ranganna a laghdú. Níor léiríodh fós le hathchóiriú CPD 2022 feabhsuithe móra ar an gcumhdach oiliúna, ar an inrochtaineacht ná ar an gcáilíocht. Tá deis ann bearta breise a dhéanamh chun oiliúint tosaigh agus leantach a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais athraitheacha na ndaltaí uile[38] agus chun níos mó neamhspleáchais a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoileanna[39]. Go háirithe, tugann an Chúirt Iniúchóirí rabhadh go bhfuil raon feidhme teoranta ag príomhoidí sa chleachtas chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí áitiúla na scoláirí[40].

---

35 Tá luach saothair múinteoirí comhfhreagrach do 82 % de thuarastal oibrí a bhfuil oideachas treasach aige (meán an Aontais: 85 %) agus níl ach 26.6 % de mhúinteoirí sásta lena dtuilleamh (meán an Aontais: 37.3%). OECD, 2025, *Education at a Glance.*

36 France Stratégie, 2024, Working in Public Service: The Challenge of Attractiveness.

37 Cour de Comptes, Devenir enseignant : la formation initiale et le recrutement des enseignants des premier et second degrés, Rapport public thématique, 2023.

38 Education: comment mieux orienter la dépense publique, Conseil d'analyse économique, 2025, ar fáil anseo : Éducation : comment mieux orienter la dépense publique.

39 Lastra-Anadón, C. agus S. Mukherjee (2019), *Cross-country evidence on the impact of decentralisation and school autonomy on educational performance*, Páipéir Oibre ECFE maidir leis an bhFeidearálacht Fhioscach, Uimh. 26, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/c3d9b314-en.

40 Cour des comptes, Mobiliser la communauté éducative autour du projet d'établissement, Rapport public thématique, 2023.

(44) Cé go bhfuil méadú tagtha ar rátaí fostaíochta, tá an riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta imithe in olcas le blianta beaga anuas. Príomhchúis leis an treocht sin is ea leitheadúlacht mhéadaitheach bhochtaineacht an luchta oibre a bhfuil borradh fúithi le blianta beaga anuas, i measc daoine féinfhostaithe agus teaghlaigh a bhfuil leanaí acu go háirithe. laghdaíonn fostaíocht pháirtaimseartha ainneonach agus ilroinnte líon iomlán na n-uaireanta a oibrítear, agus tá méadú tagtha ar an líon daoine aonair féinfhostaithe (micrifhiontraithe agus oibrithe ardáin)[41] a bhfuil tuilleamh an-íseal agus neamhspleáchas teoranta acu. Ina theannta sin, cuireann sáinn an phá ísil agus rochtain neamhleor ar an oiliúint bac ar dhul chun cinn gairme agus tá imní fós ann maidir le dálaí oibre, lena n-áirítear uaireanta oibre fada agus sciar ard timpistí marfacha ag an obair. Trí aghaidh a thabhairt ar sháinn an phá ísil agus ar fhostaíocht fhorbhásach, trí bhorradh a chur faoi dheiseanna oiliúna agus trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear d’oibrithe ardáin, d’fhéadfaí cuidiú le bochtaineacht an luchta oibre a laghdú.

[41] Rapport pour la France. GDPoweR – Récupération des données des travailleurs au service de la négociation et du suivi des accords collectifs dans l'économie des plateformes. 2025.

(45) Sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, shroich sé 27,5 % in 2025, sciar atá i bhfad os cionn an chuid eile den daonra (19,1 %) agus an cúigiú ráta is airde san Aontas. Eascraíonn an méadú sin as tosca iomadúla. Bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí ioncam leordhóthanach a fháil ón obair, agus tá 9,2 % de leanaí ina gcónaí i dteaghlach ina bhfuil déine oibre fhíoríseal, ceann de na rátaí is airde san Aontas. Ina theannta sin, tá méadú mór tagtha ar bhochtaineacht an luchta oibre i measc teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, rud a dhéanann difear do theaghlaigh aontuismitheora, a bhfuil máithreacha i gceannas orthu den chuid is mó, go háirithe. I measc tuismitheoirí aonair atá ag obair, bhí duine as gach cúigear i mbaol na bochtaineachta in 2025, mar gheall, go príomha, ar obair pháirtaimseartha ainneonach agus deiseanna gairme caillte, rud a tharla go minic mar gheall ar easpa roghanna leordhóthanacha cúraim leanaí. Cé go bhfuil infhaighteacht fhoriomlán cúraim leanaí sách ard sa Fhrainc, tá an rochtain fós an-éagothrom: tá an bhearna idir leanaí faoi bhuntáiste agus leanaí faoi mhíbhuntáiste (36 phointe céatadáin) níos leithne ná meán an Aontais (20 pointe céatadáin). In 2023, ní raibh d'acmhainn ag 76 % de theaghlaigh a bhí ag maireachtáil faoi bhochtaineacht íoc as cúram leanaí[42]. Thairis sin, tá imní fós ann maidir le cáilíocht, infhaighteacht agus costas cúraim leanaí, rudaí atá an-éagsúil ar fud chríoch na Fraince. Cuireann éagothromaíochtaí críochacha i ndeiseanna fostaíochta agus oiliúna, agus sa rochtain ar thithíocht inacmhainne, ar iompar agus ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta bac breise ar chumas tuismitheoirí pá maireachtála a fháil. Is measa fós na dúshláin sin mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an gcostas maireachtála, rud a chuir le géardhíothacht ábhartha nó shóisialta i measc leanaí (10 % in 2025, i gcomparáid le 7,9 % san Aontas), agus is iad tuismitheoirí aonair agus teaghlaigh mhóra is mó atá thíos le costais tithíochta, fuinnimh agus bhia atá ag dul in olcas[43]. Tá méadú ag teacht ar an tionchar atá ag an méadú ar an easpa dídine sa Fhrainc[44] ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu[45]. D'ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre agus saoil do theaghlaigh, níor choinnigh liúntais leanaí agus sochair thithíochta suas leis an mboilsciú agus d'éirigh na critéir incháilitheachta níos doichte. Dá ndéanfaí athbhreithniú ar éifeachtacht na sochar teaghlaigh agus tithíochta, dá rachfaí i ngleic le bacainní fostaíochta do thuismitheoirí, dá gcuirfí feabhas ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí agus dá laghdófaí éagothromaíochtaí críochacha maidir leis an rochtain ar sheirbhísí, d'fhéadfaí bochtaineacht leanaí a laghdú.

42 CNAF-ONAPE, L'accueil des jeunes enfants - Édition 2025, 2025, [Observatoire national de la petite enfance (Onape) | CAF – Caisse d'Allocations Familiales].
43 [INSEE, privation matérielle et sociale en 2025.]
44 Fondation pour le Logement, '*31ème rapport sur le mal-logement en France en 2026*'' 2026.
45 UNICEF-FAS, *Baromètre Enfants à la rue*, 2025.

(46) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Fraince, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an ochtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Fhrainc in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A áirithiú go mbeidh an glanchaiteachas ag teacht leis an gconair cheartaitheach a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 i bhfianaise an diallta a réamh-mheasann an Coimisiún le haghaidh 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean a áirithiú, agus cothroime á cur san áireamh agus feabhas á chur ar a rannchuidiú leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann. Brath ar thoradh na n-athbhreithnithe caiteachais chun caiteachas poiblí a laghdú ar bhealach marthanach nach beag agus chun a éifeachtúlacht a fheabhsú. Cánacha a aistriú ó thosca táirgeachta go cánacha tomhaltais agus comhshaoil, agus caiteachas fioscach agus cánach sóisialta a chuíchóiriú agus á laghdú an tráth céanna. An castacht riaracháin a laghdú trí dheireadh a chur le hinniúlachtaí forluiteacha, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú. An acmhainneacht riaracháin agus an phleanáil spásúlachta a neartú sna réigiúin is forimeallaí.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. An rialáil náisiúnta a shimpliú a thuilleadh, an t-ualach riaracháin agus srianta rialála ar ghnólachtaí a laghdú, in earnáil na tógála agus in earnáil na seirbhísí go háirithe, agus dul i ngleic le bacainní ar shaorghluaiseacht earraí. Déine T&F in earnáil an ghnó a neartú trí scéimeanna tacaíochta poiblí lena ndreasaítear T&F in earnáil an ghnó agus lena gcuirtear scaipeadh nuálaíochta chun cinn a dhíriú níos fearr, trí thacaíocht phoiblí a chothú trí phlean infheistíochta ilbhliantúil agus trí infheistíocht chothromais ó infheisteoirí institiúideacha agus miondíola a spreagadh, le tacaíocht chistiúcháin do ghnólachtaí atá i mbun fáis agus don nuálaíocht shuaiteach go háirithe. Na héiceachórais a thacaíonn leis an gcomhar idir an saol acadúil agus gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí. Digiteáil FBManna a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na mbeart tacaíochta poiblí atá ann cheana. Leanúint den éagsúlú agus den fhostaíocht a chur chun cinn i réigiúin a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh.

4. Dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair trí bhacainní a bhaint agus dreasachtaí a chur ar fáil chun éileamh agus soláthar modhanna agus feithiclí iompair astaíochtaí ísle a mhéadú. Borradh a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí thacaíocht chobhsaí intuartha a áirithiú agus béim ar leith á leagan ar athchóirithe uaillmhianacha agus ar theaghlaigh leochaileacha. Dlús a chur le cur in úsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite glan, lena n-áirítear trí leanúint de nósanna imeachta um cheadú a chuíchóiriú. Réitigh sholúbthachta a chur chun cinn amhail freagairt don éileamh, teicneolaíochtaí stórála nó modhanna inseolta glana, agus infheistíocht leordhóthanach a áirithiú in acmhainneacht na heangaí leictreachais agus in idirnaisc trasteorann. Dlús a chur le leictriú úsáidí deiridh ag díriú ar earnálacha ardastaíochtaí. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar éilimh iomaíocha idir earnálacha atá dian ar uisce agus infheistíochtaí leordhóthanacha i mbonneagar uisce a áirithiú, sna réigiúin is forimeallaí go háirithe, agus cáilíocht an uisce a chosaint ar thruailliú talmhaíochta agus tionsclaíoch.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, tríd an oiliúint a ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair, lena n-áirítear ar an leibhéal críochach, agus trí bhorradh a chur faoi chlárú in ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM). An t-imeascadh sa mhargadh saothair a mhéadú, trí dheireadh a chur le bacainní ar oideachas agus fostaíocht do dhaoine óga agus tríd an rochtain ar oiliúint a leathnú d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus d'oibrithe scothaosta. Feabhas a chur ar thorthaí oideachais agus neamhionannais san oideachas a laghdú. Gairm na múinteoireachta a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus oiliúint tosaigh agus leanúnach na múinteoirí. Bochtaineacht an lucht oibre agus bochtaineacht leanaí a chosc agus a laghdú, trí dheireadh a chur le bacainní ar an bhfostaíocht shochrach inbhuanaithe, do thuismitheoirí go háirithe, trí fheabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán do na teaghlaigh is mó atá faoi mhíbhuntáiste, agus trí éagothromaíochtaí críochacha maidir leis an rochtain ar sheirbhísí, cúram sláinte go háirithe, a laghdú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*